C/2025/4400

1.8.2025

MOLADH ÓN MBANC CEANNAIS EORPACH

an 29 Iúil 2025

do Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha De Nederlandsche Bank

(BCE/2025/27)

(C/2025/4400)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 27.1 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha atá molta ag Comhairle Rialaithe BCE agus a fhormheasann Comhairle an Aontais Eorpaigh iniúchadh ar chuntais an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus ar chuntais bhainc ceannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) Tiocfaidh deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha reatha De Nederlandsche Bank, KPMG Accountants N.V., tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2025. Dá bhrí sin, is gá iniúchóirí seachtracha a cheapadh don bhliain airgeadais 2026.

(3) Roghnaigh De Nederlandsche Bank EY Accountants B.V. mar iniúchóirí seachtracha do na blianta airgeadais 2026 go dtí 2032,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Moltar EY Accountants B.V. a cheapadh mar iniúchóirí seachtracha De Nederlandsche Bank do na blianta airgeadais 2026 go 2032.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 29 Iúil 2025.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE